



1 Fógra Príobháideachais

Baineann an fógra seo le cleachtais phríobháideachais Iascach Intíre Éireann i dtaca le cur i bhfeidhm na Scéime Tacaíochta d'Iascairí Eascann. Gníomhaíonn Iascach Intíre Éireann, 3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath D24 Y265 mar **'Rialaitheoir Sonraí'** maidir le do chuid sonraí pearsanta.

1.1 Ráiteas Ginearálta

Tá meas ag Iascach Intíre Éireann ar do cheart ar phríobháideachas agus ní bhaileoidh sé aon fhaisnéis phearsanta gan toiliú a fháil uait. Maidir le haon fhaisnéis phearsanta a thugann tú d'Iascach Intíre Éireann, déileálfar léi de réir na gcaighdeán is airde ó thaobh slándála agus rúndachta de agus go hiomlán de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

1.2 Faisnéis Phearsanta a Bhailiú agus a Úsáid

Nuair a chuireann tú iarratas isteach ar an Scéim Tacaíochta d'Iascairí Eascann, baileoidh, agus próiseálfaidh, Iascach Intíre Éireann na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

Sonraí Céannachta - Túsainm, sloinne, uimhir PPS

Sonraí Teagmhála - Seoladh ríomhphoist, uimhreacha teileafóin

Sonraí Airgeadais - Mionsonraí faoi do chuntas bainc

Próiseálaimid d'fhaisnéis phearsanta chun measúnú, riaradh agus próiseáil a dhéanamh ar d'iarratas ar mhaoiniúchán faoin Scéim Tacaíochta d'Iascairí Eascann. Bainfear úsáid aisti freisin chun cumarsáid a dhéanamh leat i ndáil le d'iarratas. Tá gá le hUimhir PPS agus mionsonraí faoi chuntas bainc agus faoi imréiteach cánach chun próiseáil a dhéanamh ar íoc maoiniúcháin le hiarratasóirí a n-éiríonn leo. Tá d'fhaisnéis phearsanta, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, ag teastáil chun d'iarratas a phróiseáil agus ní bheimid in ann maoiniúchán a sholáthar gan an fhaisnéis sin.

1.3 Prionsabail Chosanta Sonraí

Déanfaidh Iascach Intíre Éireann a fhreagrachtaí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh de réir na sé phrionsabal cosanta sonraí seo a leanas:

1. Dílíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht

2. Teorannú de réir cuspóra

3. Íoslachdú sonraí

4. Cruinneas

5. Teorannú stórála

6. Sláine agus rúndacht

1.4 Na Cearta atá agat mar Ábhar Sonraí

Mar ábhar sonraí, tá na cearta seo a leanas agat faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí:

Ceart go ndéanfar ceartúchán ar shonraí pearsanta: Is féidir leat a iarraidh orainn ceartúchán a dhéanamh ar aon sonraí pearsanta fút atá á bpróiseáil againn agus atá mícheart.

Ceart chun toiliú a tharraingt siar: Faoin rialachán nua, is ceart toiliú a bheith tugtha faoi shaoirse, is ceart é a bheith curtha in iúl ar mhodh sonrach feasach gan athbhrí. I gcás ina mbeimid tar éis brath ar do thoiliú chun do sonraí pearsanta a phróiseáil, tá an ceart agat an toiliú sin a tharraingt siar aon tráth.

Ceart go léirsciosfar sonraí pearsanta: Is féidir leat a iarraidh orainn do sonraí pearsanta a léirsciosadh i gcás nach bhfuil aon chúis an-láidir ann chun leanúint den phróiseáil. Níl feidhm ag an gceart seo ach in imthosca áirithe; ní ceart ráthaithe ná ceart iomlán é.

An ceart chun iniomparthacht sonraí: Is féidir leat a iarraidh orainn do chuid sonraí pearsanta a thabhairt duit i bhformáid a chumasáíonn duit na sonraí pearsanta sin a aistriú chuig eagraíocht eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh an ceart agat a chur faoi deara go n-aistreoimidne do sonraí pearsanta go díreach chuig eagraíochtaí tríú páirtí má tá sé sin indéanta go teicniúil.

Ceart go ndéanfar próiseáil sonraí pearsanta a shrianadh: In imthosca áirithe, is féidir leat a iarraidh orainn an phróiseáil atá á déanamh againn ar do shonraí pearsanta a chur ar fionraí. I gcás ina gcuirimid próiseáil do shonraí pearsanta ar fionraí, beidh cead againn fós do shonraí pearsanta a stóráil, ach beidh gá le toiliú uaitse maidir le haon phróiseáil eile a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin, ach sin faoi réir díolúintí áirithe.

Ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta: Tá an ceart agat agóid a dhéanamh i gcoinne na húsáide a bhainimid as do shonraí pearsanta, ar sonraí iad a phróiseáiltear ar bhonn ár gcuid leasanna dlisteanacha. Ach is féidir linn leanúint de do shonraí pearsanta a phróiseáil, d'ainneoin agóid a bheith déanta agat, i gcás ina bhfuil cúiseanna dlisteanacha an-láidir gnó ann sin a dhéanamh nó i gcás nach mór dúinn do shonraí pearsanta a phróiseáil i dtaca le haon éilimh dhlíthiúla.

Más mian leat gearán a dhéanamh maidir le bailiú nó próiseáil do shonraí pearsanta tá an ceart agat gearán a thaisceadh leis an Údarás Maoirseachta, is é sin le rá, an Coimisiún um Chosaint Sonraí. Seo a leanas mionsonraí teagmhála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí:

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Teach na Canálach

Bóthar an Stáisiúin

Cúil an tSudaire

Co Laoise

R32 AP23

Ríomhphost: info@dataprotection.ie

Lo Call: 1890 252 231

1.5 Faisnéis a Chomhroinnt

Ní dhéanaimid aon chuid de d'fhaisnéis phearsanta a chomhroinnt ná a nochtadh gan toiliú uaitse seachas chun na gcríoch atá sonraithe san Fhógra Príobháideachais seo nó i gcás ina bhfuil ceanglas dlíthiúil ann chun sin a dhéanamh.

1.6 Cén fhad a choinnímid d'fhaisnéis?

Coimeádaimid gach iarratas a n-éiríonn leo, mar aon le doiciméid tacaíochta, ar feadh tréimhse éiginnte d'fhonn aon cheanglais iniúchta a chomhlíonadh agus d'fhonn a chinntiú gur féidir le hlascach Intíre Éireann athbhreithniú cúlghabhálach, thar roinnt blianta, a dhéanamh ar mhéideanna a bronnadh.

Coinneofar iarratais a n-éiríonn leo ar feadh thréimhse 7 mbliana. Déanfar iarratais nach n-éiríonn leo a choinneáil ar feadh tréimhse suas go 3 bliana agus bainfear den chóras iad ansin.

1.7 Athruithe ar ár bhFógra Príobháideachais

Déanfar aon athruithe a dhéanfaimid ar an bhFógra Príobháideachais seo amach anseo a phostáil ar láithreán gréasáin Iascach Intíre Éireann agus, más cuí, cuirfear in iúl duit le ríomhphost iad. Iarrtar ort seiceáil a dhéanamh go tráthrialta chun aon fhaisnéis uasdátaithe nó aon athruithe i leith ár bhfógra príobháideachais a fheiceáil.

1.8 Teagmháil

Má tá aon cheisteanna eile agat faoin Ráiteas Príobháideachais seo nó i dtaobh conas a bhailíonn, agus a úsáideann, Iascach Intíre Éireann do shonraí pearsanta, déan teagmháil leis an oifigeach seo a leanas, le do thoil:

An tOifigeach Cosanta Sonraí
Iascach Intíre Éireann
3044 Céide an Locha
Campas Gnó Iarthar na Cathrach
Baile Átha Cliath D24 Y265
Teileafón: (01) 8842600
Ríomhphost: dpo@fisheriesireland.ie